



Tag:/Re: Cód Iompair do Thuismitheoirí  
Dáta: 03/02/2021

## Cód Iompair do Thuismitheoirí Gaelscoil Moshíológ

*(le léamh i gcomhar le Cód Iompair Ghaelscoil Moshíológ)*

### Réamhrá

Tá meas againn i nGaelscoil Moshíológ ar an gcaidreamh láidir atá againn le tuismitheoirí agus le cúramóirí.

Tá sé tábhachtach an caidreamh seo a chothabháil le cinntiú go bhfuil an páiste/na páistí sábháilte agus saor ó bhrú agus ó imní atá iomarcach. Cabhraíonn an meas seo linn na torthaí is fearr a bhaint amach do na páistí trí chomhpháirtíocht ina dtugann tuismitheoirí, múinteoirí ranga agus an pobal scoile tacaíocht dá chéile. Tuigeann ár dtuismitheoirí, agus iad mar chuid den chomhpháirtíocht seo, an tábhacht a bhaineann le caidreamh láidir oibre chun foghlaim na ndaltaí a chur chun cinn. Chun na torthaí is fearr a chruthú do na páistí, ní mór don chaidreamh idir an baile agus an scoil a bheith bunaithe ar na prionsabail seo a leanas: cúram, ionracas, iontaoibh agus ar bhonn meas ar a chéile.

### Ní mór do thuismitheoirí:

- Tacú leis an scoil na rialacha scoile a chur i bhfeidhm Gaeilge Anseo, Bí Freagrach, Bí Sábháilte & Bí Cineálta
- A chinntiú go bhfreastalaíonn a bpáistí ar an scoil agus go mbíonn siad in am gach lá
- Ábhair scoile chuí a chur ar fáil dá bpáistí, lón sláintiúil dóthanach
- Gaeilge a úsáid más féidir san áitreabh scoile chun an riail Gaeilge Anseo a spreagadh
- A bheith cúirtéiseach i leith daltaí agus baill foirne
- Coinne a dhéanamh san oifig chun bualadh le múinteoir nó leis an bPríomhoide
- Meas a léiriú ar shealúchas scoile agus a bpáistí a spreagadh chun amhlaidh a dhéanamh
- Lipéad a chur ar chótaí a bpáistí agus ar aon sealúchas eile a mbaineann leo
- Maoirseacht dhocht a dhéanamh ar a bpáistí agus iad san áitreabh scoile lasmuigh de ghnáthuaireanta scoile

Is mian linn timpeallacht scoile atá suaimhneach agus sábháilte a chothú agus chun tacú leis seo ní chuirfear suas le tuismitheoir, le cúramóir nó le cuairteoir a léiríonn an t-iompar seo a leanas:

- Iompar trioblóideach a chuireann isteach nó a bhfuil baol ann go gcuirfeadh sé isteach ar oibríochtaí na scoile nó ar imeachtaí scoile
- Aon iompar do-ghlactha san áitreabh scoile

Príomhoide: Carol Scott  
Príomhoide Cúnta: Caroline Ní Ghrifín

Leas-Phríomhoide: Niamh O'Sullivan  
Príomhoide Cúnta: Caitríona Ní Mhurchú

- Teanga ghlórmhar nó mhaslach a úsáid nó racht feirge a léiriú i leith ball foirne, cuairteoir, tuismitheoir, cúramóir nó dalta
- Bagairt a dhéanamh, in aon slí, ar bhall foirne, ar chuairoteoir, ar thuismitheoir, ar chúramóir nó ar dhalt
- Damáiste a dhéanamh do shealúchas scoile nó sealúchas scoile a scriosadh
- Ríomhphoist, téacsanna, glórphoist, teachtaireachtaí fóin nó aon chumarsáid scríofa atá ionsaitheach nó bagrach a sheoladh d'aon duine laistigh den phobal scoile
- Tráchtanna clúmhillteacha, gránna nó maslacha mar gheall ar an scoil nó aon dalta/tuismitheoir/ball foirne a bhaineann leis an scoil a phostáil ar Facebook nó ar aon shuíomh sóisialta eile
- Iompar bagrach coirp nó ó bhéal i leith duine fásta eile nó i leith páiste
- Dul chun cainte le páiste tuismitheoir eile ar mhaithe le labhairt leis/léi nó tabhairt amach dó/di mar gheall ar eachtra a tharla idir a bpáiste agus an páiste sin (D'fhéadfá breathnú ar an gcur chuige seo mar ionsaí ar an bpáiste sin agus d'fhéadfadh iarmhairtí dlíthiúla a bheith i gceist dá bharr).
- Tobac a chaitheamh, glacadh le drugaí mídhleathacha nó alcóil a ól san áitreabh scoile (Is féidir alcóil a ól le linn imeachtaí nuair a cheadaítear amhlaidh a dhéanamh).

**Má tharlaíonn aon cheann de na nithe thuasluaite san áitreabh scoile, d'fhéadfadh go mbraithfeadh an Bord Bainistíochta gur ghá gníomhú ina leith trí:**

- Fógra/rabhadh foirmiúil a thabhairt don duine fásta sin
- Dul i dteagmháil leis na húdaráis chuí
- Smaoineamh ar chosc a chur ar an duine fásta sin teacht isteach san áitreabh scoile

Is iad an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoin cé acu gníomh cuí atá le tógáil agus cuirfear na nithe seo san áireamh agus an cinneadh á dhéanamh: aon iompar do-ghlactha a tharla roimh an eachtra seo, más eachtra aonarach í nó má tharla sé níos mó ná uair amháin nó má tá aon chúinsí maolaitheacha laistiar den iompar seo.

Míle buíochas as cloí leis an bpolasaí scoile seo. Is tríd an gcomhoibriú seo a chruthaímid timpeallacht dhearfach agus spreagúil do na páistí agus do na daoine a oibríonn agus a thugann cuairt ar ár scoil.

Nóta: Bheimis buíoch dá gcuirfeadh gach tuismitheoirí na daoine atá freagrach as bhur bpáistí a bhailiú ón scoil ar an eolas faoin bpolasaí seo.

Síniú: *Melanie Ní Dhuinn* (Cathaoirleach) Dáta: 03/02/2021

Síniú: *Carol Scott* (Príomhoide) Dáta: 03/02/2021